

Oifig an
Office of the



Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Director of Public Prosecutions

Ráiteas Straitéise

2019 - 2021

ÁR MISEAN

Chun seirbhís ionchúisimh, thar ceann Mhuintir na hÉireann, a sholáthar atá neamhspleách, cothrom agus éifeachtach

| | |
|-----------|---|
| Cuspóir 1 | Ardchaighdeán maidir le héifeachtúlacht oibre a chaomhnú chun ionchúisimh neamhspleácha, chothroma agus éifeachtacha a chur i gcrích |
| Cuspóir 2 | Comhoibriú le páirtithe leasmhara eile i gcóras dlí choiriúil na hÉireann agus le forais idirnáisiúnta ábhartha chun caighdeán ginearálta na seirbhíse a fheabhsú |
| Cuspóir 3 | Muinín an phobail sa tseirbhís ionchúisimh a chaomhnú |

CLÁR

| | |
|--------------------------------|----|
| Réamhrá | 4 |
| Comhthéacs Timpeallachta | 5 |
| Dúshlám | 5 |
| Deiseanna | 7 |
| Príomhchuspóirí | 8 |
| Áisitheoirí | 11 |

RÉAMHRÁ

Tá áthas orm achoimre a thabhairt ar na straitéisí a ghlacfaidh m'Oifig sna trí bliana atá amach romhainn.

Is cuid bhunúsach de dhlí agus ord a chaomhnú in aon sochaí seirbhís ionchúisimh atá ag feidhmiú i gceart. Díríonn na straitéisí a leagtar amach sa ráiteas seo ar ardchaighdeán seirbhíse a chaomhnú i dtimpeallacht dlí shíorathraitheach agus cinntiú go mbainfear an leas is éifeachtaí as na hacmhainní atá ar fáil dúinn.

Ó cuireadh go mór lena ról agus lena freagrachtaí in 2001 tá nuachóiriú agus athchóirú an-mhór le tabhairt faoi deara maidir leis an tseirbhís ionchúisimh. Leanaimid orainn le seirbhís a dhéanamh níos éifeachtaí fós trí chleachtais oibre a athrú agus trí leas a bhaint as an teicneolaíocht chun ár bpróisis ghnó a fheabhsú. Le linn an ráitis straitéise dheiridh bhaineamar ár gcuspóir amach maidir le spás a sholáthar don Oifig iomlán in aon cheanncheathrú amháin, ní hamháin gur shábháil sin airgead ó thaobh buiséid de ach rinne sé éascaíocht ar chomhtháthú ní b'fhéarr agus cuireann sé ar ár gcumas ár gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí. Sa tréimhse reatha leanfaimid orainn le barr feabhais a chur ar an gcomhtháthú.

Fócas tosaíochta i gcónaí domsa agus do m'fhoireann bainistíochta sinsearaí is ea cinntiú go gcuirfidh ár bhfoireann ghairmiúil na feidhmeanna ar fágadh fúthu a chur i gcrích ar an gcaighdeán is airde. Dá réir sin ní mór dóibh sárthuiscint bheith acu ar an dlí coiriúil agus ar an gcóras dlí choiriúil, agus ar bheartais na hOifige i dtaobh réimse leathan ceisteanna freisin. Cinnteoidimid go mbeidh forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil don fhoireann ghairmiúil, déanfaidh ár bhfoireann féin éascaíocht mhór air seo leis an saineolas ábhartha.

Dúshlán eile i gcónaí don Oifig seo is ea comhlíonadh ár ndualgas faoin Acht um Íospartaigh na Coireachta a bhunaíonn caighdeán maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint i dtaca le híospartaigh choireachta. Tá sé dian ó thaobh acmhainní de éifeacht a thabhairt do chearta éagsúla atá ar fáil anois ach táimid tiomanta d'ardchaighdeán seirbhíse a sholáthar.



Dúshlán nua atá roimh an Oifig is ea impleachtaí na moltaí a rinne an Coimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn ar an ról a bheadh ag an nGarda Síochána san fheidhm ionchúiseach. Ag brath ar a mhéad is a chuirtear na moltaí sin i bhfeidhm d'fhéadfadh go mbeadh an t-atheagrú is suntasaí ar an tseirbhís ionchúisimh bheith ann ó bhunú Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Tá ár gcuidreamh le gníomhaireachtaí a bhfuil dlúthbhaint acu leis an an gcóras dlí choiriúil an-tábhachtach ar an iomlán. Tá caidreamh láidir oibre forbartha againn le himeacht na mblianta le comhghleacaithe laistigh den chóras dlí choiriúil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Leanaimid orainn le comhoibriú idirghníomhaireachta a chothú agus a fhorbairt chun cinntiú go bhfeidhmeoidh an córas dlí choiriúil ar bhealach comhtháite agus éifeachtach ar mhaithe leo siúd ar fad a gcuireann sí seirbhís ar fáil dóibh.

Claire Loftus
Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Iúil 2019

COMHTHÉACS TIMPEALLACHTA

Sa Ráiteas Straitéise tugaimid achoimre ar conas a chomhlíonfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a gealltanais chun seirbhíis ionchúisimh a sholáthar ar son Mhuintir na hÉireann atá neamhspleách, cothrom agus éifeachtach.

Feidhmimid i dtimpeallacht shíorathraitheach agus ní mór dúinn ár ndícheall a dhéanamh chun na dúshláin a sháru agus na deiseanna a thapú dá réir sin. Tá achoimre thíos ar na príomhdhúshláin agus ar na príomhdhiseanna inár dtimpeallacht oibre a mbeidh tionchar acu ar an mbealach a ndéanaimid ár gcuid oibre le linn shaolré an Ráitis Straitéise seo.

DÚSHLÁIN

Castacht na gCásanna

Ceann de na dúshláin is mó roimh an Oifig is ea coimeád suas le cineál na gcomhad ionchúisimh atá ag éirí níos casta i gcónaí a chuirtear faoi bhráid na hOifige. Tá tionchar thar na bearta ag forbairt na teicneolaíochta le blianta beaga anuas ar chineál na gcomhad imscrúdaithe choiriúil. Is minic mar gheall ar úsáid réimse leathan gléasanna leictreonacha agus úsáid fhorleathan na mean sóisialta nach mór ábhar atá ag éirí níos casta agus níos teicniúla a bhreithniú sula ndéantar cinneadh chun ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh.

Ní chuireann an Garda Síochána comhaid imscrúdaithe faoi bhráid na hOifige seo ach amháin i dtaca leis na cásanna choiriúla is tromchúisí agus is casta. Déileáilann na Gardaí le cásanna nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna gan tagairt don Oifig seo. Ina theannta sin, cuireann Sainnaid Náisiúnta an Gharda Síochána a dhéanann speisialtóireacht ar imscrúdú sainchatagóirí coireachta comhaid faoi bhráid na hOifige le breithniú. Orthu sin tá Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Póilíneacht Phobaldírith, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch, Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhíisí Cosanta, agus Biúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána. Tá sainghníomhaireachtaí rialála ann freisin, mar shampla, na Coimisinéirí Ioncaim, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, a imscrúdaíonn sainchineálacha ciona. Tá na comhaid a fhaightear ó shainnaid an

Gharda Síochána agus ó na sainghníomhaireachtaí rialála, mar is dual, ollmhór agus tá gnéithe dlíthiúla casta ag baint leo. Éilíonn siad saineolas dlí i sainréimsí an dlí agus ní mór don Oifig leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil na sainacmhainní riachtanacha i bhfeidhm againn chun an obair seo a bhainistiú agus barr feabhais a chur chun cinn maidir le hionchúiseamh na gcatagóirí tromchúiseacha cionta seo.

Nochtadh

Tá nochtadh ábhair roimh thrialacha coiriúla tar éis éirí níos dochraidí agus níos dúshlánaí le blianta beaga anuas. Mar gheall ar theicneolaíocht atá ag teacht chun cinn, cuireann an méid sonraí atá ar fáil anois freagracht ar an ionchúiseamh ábharthacht na fianaise a chuirtear i láthair na cúirte a chinneadh ach ag an céanna freastal ar chearta príobháideachais na ndaoine sin a thagann i dteagmháil leis an gcóras dlí choiriúil. Ciallaíonn ráta mear na bhforbairtí teicneolaíochta go mbeidh dúshláin mhóra ag baint le ceisteanna nochta i gcónaí don ionchúiseamh sna blianta atá amach romhainn. Leanfaimid ar aghaidh ag obair chun cinntiú go gcloifear le prótacail i dtaca le cearta príobháideachais agus le cosaint sonraí agus gur féidir lenár gcórais TF tacú le nochtadh ábhair ar bhealach sábháilte agus éifeachtach.

Pleanáil Chomharbais

Faoi láthair tá 21% d'fhoireann na hOifige os cionn 55 bliain d'aois. Mar gheall ar an bpróifíl aoise seo is dócha go mbeidh cailteanas suntasach maidir le saineolas dlí agus le heolas corparáideach araon sa tréimhse ghearrthéarmach go meántéarmach atá amach romhainn. Le linn shaolré an Ráitis Straitéise ní mór dúinn cinntiú go ndéanfaimid pleanáil air seo agus go bhfuil straitéisí bainistíochta eolais agus clár chomharbais i bhfeidhm againn chun cur in aghaidh dhrochthionchar an chaillteanais saineolais seo. Agus foireann nua á tabhairt isteach in ionad na foirne dlí a fhágfaidh an Oifig sna blianta atá romhainn, tá sé de chuspóir againn leanúint ar aghaidh leis na haturnaetha is fearr a earcú chun na seirbhíse ionchúisimh agus, níos tábhachtaí fós, ár ndícheall a dhéanamh an fhoireann seo a choimeád i dtimpeallacht an lae inniu nach gcabhraíonn na tuarastail tharraingteacha atá ar fáil faoi láthair san earnáil phríobháideach linn foireann mar seo a choimeád san earnáil poiblí.

Human Rights and Equality

Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tuisceanach ar riachtanais reachtúla i dtaca le Dualgas na hEanála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine de réir mar a leagtar síos in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Tugann ár mbeartais Acmhainní Daonna éifeacht do cheisteanna chearta an duine agus comhionannais atá ábhartha d'fhoireann na hOifige. Tugaimid faoi athbhreithniú ar na beartais sin chun cinntiú go gcomhlíonfaidh siad caighdeáin chúí chearta an duine agus chomhionannais. Leagann Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí agus Cód Eitice caighdeáin chearta an duine agus chomhionannais síos a bhfuil an Stiúrthóir ag súil leis go gcoifidh gach ionchúisitheoir leo maidir lena bhfeidhmeanna a chomhlíonadh i dtaca le híospartaigh agus leo siúd a bhfuil amhras fúthu i dtaobh cionta coiriúla nó a gcuirtear cionta coiriúla ina leith.

Timpeallacht atá ag Athrú

Ní mór dúinn coimeád suas le hathruithe sa dlí agus sa timpeallacht dlí ina bhfeidhmímid, ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Beidh sé ina dhúshlán mór cinntiú go mbeidh an Oifig in ann aghaidh a thabhairt ar athruithe mar sin le linn shaolré an Ráitis seo.

Ó tháinig an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017 i bhfeidhm, rinneadh go leor oibre maidir lenár ndualgais a chomhlíonadh faoin Acht cúiseanna a thabhairt ar chinnti agus ar na cinnti a athbhreithniú gan ionchúiseamh a dhéanamh ar iarratas. Mar sin féin, tá go leor oibre le déanamh fós, go háirithe maidir le bearta speisialta a sholáthar d'íospartaigh sa chúirt. Is eochair-réimse oibre tosaíochta don Oifig i gcónaí seirbhís a fheabhsú d'íospartaigh choireachta agus muid ag obair le páirtithe leasmhara eile sa chóras dlí choiriúil chun soláthar seirbhísí d'ardchaighdeán a chinntiú.

Mhol Tuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, a foilsíodh i Meán Fómhair 2018, gur cheart gach cinneadh ionchúisimh a bhaint den Gharda Síochána agus gur cheart é a fhágáil faoi atur na stáit leathnaithe nó faoi sheirbhís ionchúisimh náisiúnta. Mhol an Tuarascáil freisin gur cheart críoch a chur le cleachtas an Gharda Síochána cásanna a ionchúiseamh sa chúirt. I Nollaig

2018 ghlac an Rialtas leis na moltaí sin i bprionsabal agus tá sé beartaithe go mbeidh athbhreithniú ann ar fheidhm chinnteoireachta ionchúisí agus ról an Gharda Síochána maidir le cásanna a chur i láthair sa chúirt, sa dara leath de 2019. Má chuirtear i bhfeidhm iad, athróidh na moltaí sin ó bhonn soláthar na seirbhíse ionchúisimh ar leibhéal náisiúnta. Cé go bhfuiltear ag staid an-luath maidir leis an mbreithniú, níl aon amhras ann ach go mbeadh cur i bhfeidhm na moltaí sin ina dhúshlán an-mhór agus bheadh impleachtaí móra ann i dtaobh acmhainní.

Acmhainní

Bhí méadú bliain i ndiaidh bliana ar líon na gcomhad ionchúisimh a cuireadh faoi bhráid na hOifige le linn thréimse trí bliana an Ráitis Straitéise deiridh. Ina cheann sin, tá impleachtaí móra ag baint le castacht bhreise na gcomhad imscrúdaithe choiriúil le blianta beaga anuas agus na dúshláin i dtaca le nochtadh i dtimpeallacht ardeicneolaíoch don Oifig seo maidir le cinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun déileáil leis an obair seo.

Tá tionchar ag athruithe maidir le cá ndéantar obair freisin ar na hacmhainní riachtanacha. Éistear cásanna na Phríomh-Chúirte Coiriúla anois go rialta lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Le linn 2018 éisteadh cásanna i gCorcaigh agus i Luimneach araon agus éistfear cásanna go ríluath i bPort Láirge. Cé gur ceart fáilte a chur roimh an bhforbairt seo, ciallaíonn na suíonna seo lasmuigh de Bhaile Átha Cliath go bhfuil éileamh breise ar acmhainní. Ar an gcuma chéanna, beidh tionchar ag aon chinneadh chun Breithiúna breise a cheapadh sna cúirteanna coiriúla i mBaile Átha Cliath amach anseo ar thréachur cásanna sna cúirteanna agus dá bharr sin ar na hacmhainní nach mór don Oifig seo a chur ar fáil chun seirbhís a sholáthar do na suíonna sin.

De thoradh pleananna chun cur le foireann an Gharda Síochána agus chun Gardaí a bhfuil taithí na mblianta acu a athlonnú ar dualgas póilíneachta sa line thosaigh, is cinnte go mbeidh méadú ar líon na gcomhad imscrúdaithe a chuirfear faoi bhráid na hOifige. Déanfaidh an Oifig monatóireacht ghrinn ar an bhforbairt seo chun cinntiú go gcuirfear na hacmhainní riachtanacha ar fáil sa chás go mbeidh méadú suntasach ar an ualach oibre.

DEISEANNA

Caidreamh le Gníomhaireachtaí Eile

Níl an Oifig ag obair aisti féin maidir le soláthar seirbhíse ionchúisimh. Cuimsíonn an córas dlí choiriúil réimse eagrais agus gníomhaireachtaí. Tá sé ríthábhachtach go mbunóidh agus go gcaomhnóidh gach a bhfuil páirteach caidreamh láidir oibre. Measann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí gur gné bhunriachtanach é seo maidir le hoibriú éifeachtach na seirbhíse ionchúisimh.

Caomhnaímid caidreamh láidir oibre i gcónaí le páirtithe an-tábhachtach i gcóras an dlí choiriúil lena n-áirítear Aturnaetha Stáit, Abhchóidí Ionchúisimh, an tArd-Aighne, an Garda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt, Sainghníomhaireachtaí Imscrúdaithe, an tSeirbhís Chúirteanna, an tSeirbhís Promhaidh, Eolaíocht Fhóirínseach Éireann agus gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus forais eile a bhaineann le réimse an dlí choiriúil.

Teicneolaíocht

Cuireann forbairtí teicneolaíochta slite níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar fáil dúinn i gcónaí chun obair a dhéanamh, go himheánach agus lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha. Thug an Oifig roinnt tionscnaimh teicneolaíochta faisnéise agus chumarsáide isteach chun tacú le ríomhchomhaid ionchúisimh a chur ar aghaidh agus chun éascaíocht a dhéanamh ar ullmhú cásanna le cur i láthair sa chúirt trí úsáid ríomhacmhainní sábháilte. Leanfaimid ar aghaidh leis na tionscnaimh seo a fhorbairt agus a dhaingniú le linn shaolré an Ráitis seo. Thosaíomar le deireanas freisin ar thionscadal chun ár gCóras Bainistíochta Cáis a mhéadú chuig Seirbhís Aturnae an Stáit ar leibhéal náisiúnta. Cuirfear an tionscadal seo i bhfeidhm ar bhonn céimneach thar an dá bhliain atá romhainn agus, nuair a bheidh críoch leis, beidh seirbhís níos éifeachtaí ann don Oifig seo agus d’Aturnaetha an Stáit a dhéanfaidh ionadaíocht don Stiúrthóir i gcúirteanna ar fud na tire. I gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara, leanfaimid ar aghaidh leis an obair ar fhorbairt an chórais a dhéanfaidh éascaíocht ar chomhroinnt leictreonach sonraí oibríochtúla le gníomhaireachtaí dlí chóiriúil eile a bhaineann le himscrúdú agus le hionchúiseamh na coireachta.

Oiliúint agus Forbairt

Is tosaíocht an-tábhachtach don Oifig seo oiliúint agus forbairt na foirne agus meastar go bhfuil sé bunriachtanach maidir le hoibriú éifeachtach na seirbhíse ionchúisimh. Leanfaidh ár nGrúpa Stiúrtha Oiliúna Dlíthiúla ar aghaidh le hobair ar fhorbairt modúl oiliúna cuimsitheach don fhoireann ag gach leibhéal ar fud an eagrais. Leanfar ar aghaidh leis an bhforbairt agus an dea-chleachtas á chur san áireamh maidir le hionchúiseamh cionta coiriúla, athruithe ar reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus speisialtóireacht i sainréimsí na hoibre ionchúisimh.

Moladh roinnt tionscnaimh bhainistíochta foirne mar fhreagairt ar Shuirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse. Tá na tionscnaimh seo á dtabhairt isteach de réir a chéile i gcomhar leis an bhfoireann d’fhonn rochtain ar dheiseanna forbartha seachas cúrsaí oiliúna foirmiúla a chur ar fáil don fhoireann.

Tá an Oifig páirteach freisin i seirbhís oiliúna a sholáthar d’eagrais agus do ghníomhaireachtaí seachtracha. Aithnítear é seo mar dheis luachmhar chun an dea-chleachtas a chur chun cinn in ionchúiseamh cionta coiriúla. Tá i gceist go leanfar ar aghaidh leis an tseirbhís seo a fhorbairt le linn shaolré an Ráitis seo.

PRÍOMHCHUSPÓIRÍ

CUSPÓIR 1: Ardchaighdeán éifeachtúlachta oibre a chaomhnú chun ionchúisimh neamhspleácha, chothroma agus éifeachtacha a chinntiú

| Straitéis | Toradh | Príomhbhearta |
|---|--|--|
| <ul style="list-style-type: none"> ▶ Beartais agus treoirlínte a chaomhnú, a nuashonrú agus a fhorbairt maidir le hionchúisimh a láimhseáil ▶ Córais a chur i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach beartas agus treoirlínte a chinntiú ▶ Eolas tráthúil a chur ar fáil do bhainisteoirí ▶ Cinntiú go bhfostófar foireann láncháilithe. ▶ Clár cuimsitheach oiliúna agus oideachais leanúnaigh a sholáthar ▶ Aturnaetha agus Abhchóidí Stáit a cheapadh trí phróiseas iomaíoch agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht gach bliain ▶ Seirbhísí riaracháin a fhorbairt agus a chaomhnú a thacaíodh le hobair ionchúisimh na hOifige ▶ Straitéis Bhainistíochta Eolais chuimsitheach a fhorbairt don am atá le teacht ▶ Cinntiú go mbeidh beartais Acmhainní Daonna oiriúnacha i bhfeidhm chun tacú le foireann na hOifige | <ul style="list-style-type: none"> ▶ Tá beartais agus treoirlínte a thacaíonn leis an bpróiseas ionchúisimh i bhfeidhm ▶ Comhlíonfaidh an tseirbhís ionchúisimh na caighdeáin is airde ó thaobh soláthair de ▶ Cuirfear gach gné den phróiseas ionchúisimh i gcrích ar bhealach tráthúil ▶ Coimeádfar sciar den líon foirne ag na leibhéil riachtanacha ▶ Déanfar an fhoireann a oiliúint agus a fhorbairt ar an gcaighdeán is airde ▶ Tá aturnaetha agus abhchóidí stáit a bhfuil an leibhéal riachtanach saineolais acu ar fáil ▶ Tá seirbhísí tacaíochta éifeachtacha agus cuimsitheacha ar fáil ▶ Tá Straitéis Bhainistíochta Eolais ar fáil ▶ Tá beartais Acmhainní Daonna ar fáil | <ul style="list-style-type: none"> ▶ Monatóireacht ar bheartias agus ar threoir i dtaca le ceisteanna ionchúisimh ▶ Tugtar faoi athbhreithniú cásanna i dtaca le leibhéal chomhlíontachta le beartais agus treoirlínte ▶ Anailís ar thráthúlacht chinntí agus iompraíocht chásanna trí thuarascálacha bainistíochta ó chóras bainistíochta cásanna ▶ Líon agus leibhéal foirne fostaithe ▶ Líon uaireanta a thugtar faoi oideachas forbartha gairmiúla ▶ Tuarascálacha rialta ar mheasúnú feidhmíochta Aturnaetha agus Abhchóidí Stáit ▶ Tuarascálacha rialta ar sheirbhísí tacaíochta riaracháin ▶ Uirlisí Bainistíochta Eolais atá ar fáil don fhoireann ▶ Tuarascálaca chuig an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí ar chur i bhfeidhm na mBeartas Acmhainní Daonna |

CUSPÓIR 2: Comhoibriú le páirtithe i gcóras dlí choiriúil na hÉireann agus le forais idirnáisiúnta ábhartha chun caighdeán ginearálta na seirbhíse a fheabhsú

| Straitéis | Toradh | Príomhbhearta |
|--|---|---|
| <ul style="list-style-type: none"> ▶ Idirghabháil ag an leibhéal is airde a chaomhnú le príomhcheannairí i gcóras dlí choiriúil na hÉireann ▶ Páirt a ghlacadh i ngrúpaí náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn eolas a mhalartú agus freagairtí a fhorbairt maidir le ceisteanna tábhachtacha dúinn ar fad ▶ Comhoibriú le tionscnaimh cheartais choiriúil chrosghearrtha ▶ Cuir le hathchóiriú an dlí choiriúil trí aighneachtaí a dhéanamh de réir mar is cuí ▶ Oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann ó eagrais eile cheartais choiriúil maidir le ceisteanna ionchúiseacha ▶ Teagmháil a choimeád le heagrais ionchúisimh i ndlínsí eile agus le heagrais idirnáisiúnta chun cinntiú go gcoimeádfaidh an Oifig suas le treochothaí atá ag teacht chun cinn | <ul style="list-style-type: none"> ▶ Idirghabháil leanúnach agus malartú eolais idir rannpháirtithe sa chóras dlí choiriúil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon ▶ Obair dhearfach ar son grúpaí agus eagrais náisiúnta agus idirnáisiúnta ▶ Rannpháirtíocht dhearfach le heagrais dlí choiriúil eile i dtaca le tionscnaimh chrosghearrtha ▶ Athruithe a chur ar nósanna imeachta ceartais choiriúil a chuireann feabhas ar chaighdeán agus éifeachtúlacht ghinearálta na seirbhíse ▶ Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí eolach ar threochothaí idirnáisiúnta maidir le ceisteanna ionchúiseacha agus a dtionchar féideartha ar obair na hOifige | <ul style="list-style-type: none"> ▶ Tá prótacail idirghníomhaireachta i bhfeidhm mar is gá ▶ Aighneachtaí a dhéantar ar son athchóiriú an dlí choiriúil ▶ Tá líon grúpaí agus coistí oibre a nglacann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí páirt iontu ▶ Dul chun cinn grúpaí agus coistí oibre ▶ Obair a dhéantar ar son eagrais idirnáisiúnta ▶ Dul chun cinn ar thionscnaimh chrosghearrtha i gcóras dlí choiriúil ▶ An éascaíocht a dhéanann an Oifig ar roinnt uaireanta oiliúna, seimineár agus comhdhálacha ar mhaithe le páirtithe leasmhara ar fud an chórais dlí choiriúil ▶ Leibhéal freastail ar chomhdhálacha a d'óstáil an Oifig ▶ Cúrsaíocht an eolais atá ar fáil ar fhorbairtí i ndlínsí eile |

CUSPÓIR 3: Muinín an phobail a chaomhnú sa tseirbhís ionchúisimh

| Straitéis | Toradh | Príomhbhearta |
|--|--|---|
| <ul style="list-style-type: none"> ▶ Eolas cuimsitheach agus cruinn a sholáthar agus a chaomhnú ar obair na hOifige i bhformáidí so-aimsithe ▶ Cinntiú go mbeidh dóthain acmhainní ar fáil chun tacú le soláthar seirbhísí d'ardchaighdeán d'íospartaigh agus d'fhinnéithe ▶ Cinntiú go gcloífidh aturnaetha a bhíonn ag gníomhú thar ceann an Stiúrtóra le beartais agus treoirlínte na hOifige ina gcaidreamh le híospartaigh agus le finnéithe | <ul style="list-style-type: none"> ▶ Tuiscint an phobail ar obair na hOifige ▶ Muinín an Phobail san Oifig ▶ Na hacmhainní riachtanacha ar fáil chun tacú le soláthar seirbhísí d'ardchaighdeán d'íospartaigh agus d'fhinnéithe ▶ Gheobhaidh íospartaigh choireachta eolas agus tacaíocht oiriúnach ▶ Gheobhaidh íospartaigh agus finnéithe caighdeán seirbhíse atá i gcomhréir le beartais agus treoirlínte na hOifige | <ul style="list-style-type: none"> ▶ Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil agus foiseacháin eile ar obair na hOifige ▶ Cuimsitheacht, cúrsaíocht agus inrochtaineacht an eolais atá ar fáil ar an suíomh gréasáin ▶ Déileáiltear le hiarratais ar chúiseanna agus athbhreithnithe ar bhealach tráthúil. ▶ Toradh athbhreithnithe cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh. ▶ Líon na gcruinnithe réamhthrialach a ndéanann an Oifig éascíocht orthu ▶ Aiseolas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil d'íospartaigh agus d'fhinnéithe |

ÁISITHEOIRÍ

Tacóidh na háisitheoirí thíos a leanas lenár gcuspóirí a bhaint amach:

Daoine agus Struchtúir:

- ▶ Na bunluachanna (neamhspleáchas, freagracht, ionracas agus cumas) a dhaingniú
- ▶ Bainistiú fheidhmíochta na foirne agus an duine aonair
- ▶ Scileanna a fhorbairt trí oiliúint, soghluaiseacht ó phost go chéile, uainíocht ar bhaill foirne, agus meantóireacht
- ▶ Tacú trí bhainistiú eolais, áiseanna taighde, agus seirbhísí leabharlainne
- ▶ Teagmháil leis an bhfoireann chun nuálaíocht agus rannpháirteachas a spreagadh d'fhonn seirbhísí a fheabhsú
- ▶ Rannpháirteachas le grúpaí oibre, coistí agus líonraí inmheánacha agus seachtracha

Teicneolaíocht agus próisis:

- ▶ Forbairt leanúnach ar ríomhchóras maidir le cur ar aghaidh comhad ionchúisimh
- ▶ Teicneolaíocht a úsáid chun ábhar atá bainteach le cásanna a aistriú go sábháilte chuig abhcóidí, dlíodóirí cosanta agus an tSeirbhís Chúirteanna

- ▶ Fianaise a chur i láthair go leictreonach más cuí
- ▶ Tacú leis an tionscnamh chun comhroinnt sonraí a fhorbairt go leictreonach ar fud eagras dlí choiriúil
- ▶ Seirbhísí Comhroinnte na Státseirbhíse agus seirbhísí na hOifige um Sholáthar Rialtais a úsáid
- ▶ Forbairt leanúnach maidir le Córas Bainistíochta Cáis chun próisis inmheánacha a fheabhsú agus chun cinntiú go dtacófar le hathruithe i nósanna imeachta reachtaíochta agus Cúirte
- ▶ Tionscnamh Bhainistíocht Eolais na hOifige a bhrú chun cinn trí ríomhacmhainní a chur chun cinn

Rialachas:

- ▶ Caighdeáin a chaomhnú de réir treoirlínte agus beartas
- ▶ Maoirseacht ón gCoiste Iniúchóireachta Inmheánaí
- ▶ Beartais agus treoirlínte ionchúisimh a chomhlíonadh
- ▶ Dualgais reachtúla a chomhlíonadh (e.g. Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, Nochtadh Cosanta, an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, Caighdeán Rialachais Corparáidigh)
- ▶ Feidhmiú an Bheartais Riosca Bainistíochta

